**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2021/0214(COD)**

12.1.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha
(COM(2021)0564 – C9-0328/2021 – 2021/0214(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Zbigniew Kuźmiuk

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[31], straitéis nua fáis a bhfuil d'aidhm aici an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch a bheidh tíosach ar acmhainní, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí (líon na n-astaíochtaí lúide na haistrithe) gás ceaptha teasa ('astaíochtaí GCT') ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch inti ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip freisin caipiteal nádúrtha ***an Aontais*** a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. San am céanna, ní mór an claochlú sin a bheith cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. D'fhógair an Coimisiún freisin ina Phlean Gníomhachta AE: 'I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'[32] go gcuirfí chun cinn ionstraimí agus dreasachtaí ábhartha chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an phrionsabail 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' mar a leagtar amach in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus dá réir sin chun céimniú amach an 'truaillithe saor in aisce' a thabhairt chun críche d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir an dícharbónú agus | (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[31], straitéis nua fáis ***inbhunaithe*** a bhfuil d'aidhm aici an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir***,*** rathúil ***agus athléimneach*** ag a mbeidh geilleagar nua-aimseartha***, ciorclach,*** iomaíoch a bheidh tíosach ar acmhainní, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí (líon na n-astaíochtaí lúide na haistrithe) gás ceaptha teasa ('astaíochtaí GCT') ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch inti ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. Tá sé mar aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip freisin caipiteal nádúrtha ***an Aontais*** a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, ***meath na bithéagsúlachta a chomhrac*** agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. San am céanna, ní mór an claochlú sin a bheith ***cothrom,*** cóir agus cuimsitheach, ***ní mór dó fás inbhuanaithe agus poist a chruthú agus*** gan duine ar bith a fhágáil ar lár***. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis an gComhaontú Glas don Eoraip tacú leis na hiarrachtaí domhanda i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna na Náisiún Aontaithe) agus spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach*** D'fhógair an Coimisiún freisin ina Phlean Gníomhachta |

| | |
|---|---|
| an uaillmhian maidir le truailliú nialasach. | AE: 'I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'[32] go gcuirfí chun cinn ionstraimí agus dreasachtaí ábhartha chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an phrionsabail 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' mar a leagtar amach in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus dá réir sin chun céimniú amach an 'truaillithe saor in aisce' a thabhairt chun críche d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir an dícharbónú agus an uaillmhian maidir le truailliú nialasach. |
| [31] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final). | [31] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final). |
| [32] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 maidir le Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách (COM(2021) 400). | [32] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 maidir le Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách (COM(2021) 400). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Ceadaítear do chomhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), a bhuí le hAirteagal XX den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), bearta atá riachtanach chun cosaint a thabhairt do bheatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, nó chun acmhainní nádúrtha a chaomhnú, a chur chun feidhme;*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Fad agus atá éagsúlacht cur chuige beartais ag líon mór comhpháirtithe idirnáisiúnta de chuid an Aontais agus éagsúlacht dá réir sin maidir leis an leibhéal uaillmhéine aeráide a bhíonn mar thoradh ar a gcur chuige, tá riosca sceite carbóin ann. An sceitheadh carbóin, is rud é a tharlaíonn má dhéanann gnólachtaí in earnálacha nó i bhfo-earnálacha áirithe, ar chúiseanna costais a bhaineann le ***beartais*** aeráide, oibríochtaí táirgthe a athlonnú go tíortha eile, nó má ghlacann allmhairí ó na tíortha sin ionad earraí atá coibhéiseach ach atá níos éadroime ó thaobh astaíochtaí GCT de. D'fhéadfadh méadú domhanda ar astaíochtaí iomlána na ngnólachtaí sin a bheith mar thoradh air sin, rud a chuirfeadh laghdú na n-astaíochtaí GCT i gcontúirt, laghdú a bhfuil géarghá leis má tá an domhan chun an mheánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. | (8) Fad is a bheidh líon nach beag de chomhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais ag feidhmiú cur chuige ***an-éagsúil*** beartais nach mbíonn an leibhéal uaillmhéine aeráide céanna ***agus an leibhéal uaillmhéine aeráide atá ag an Aontas mar thoradh air, ná nach mbíonn éagsúlachtaí suntasacha i bpraghas na n-astaíochtaí GCT mar thoradh air,*** mairfidh an riosca sceite carbóin***. Tá an riosca sin ann ní hamháin d'earraí tionsclaíocha, ach d'fhéadfadh sé a bheith ann freisin do tháirgí talmhaíochta***. An sceitheadh carbóin, is rud é a tharlaíonn má dhéanann gnólachtaí in earnálacha nó i bhfo-earnálacha áirithe ***trádála***, ar chúiseanna costais a bhaineann le ***leibhéil éagsúla uaillmhéine i*** mbeartais aeráide, oibríochtaí táirgthe a athlonnú go tíortha eile, nó má ghlacann allmhairí ó na tíortha sin ionad earraí atá coibhéiseach ach atá níos éadroime ó thaobh astaíochtaí GCT de. D'fhéadfadh méadú domhanda ar astaíochtaí iomlána na ngnólachtaí sin a bheith mar thoradh air sin, ***agus, ag an am céanna, d'fhéadfaí an bonn a bhaint d'éifeachtúlacht bheartais laghdaithe astaíochtaí an Aontais*** , rud a chuirfeadh laghdú na n-astaíochtaí GCT i gcontúirt, laghdú a bhfuil géarghá leis má tá an domhan chun an mheánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) An tionscnamh maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') tá sé ina chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Beidh an sásra sin ina | (9) An tionscnamh maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') tá sé ina chuid ***lárnach***den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Beidh an sásra |

| | |
|---|---|
| eilimint riachtanach de bhosca uirlisí an Aontais chun an cuspóir maidir le hAontas aeráidneodrach faoi 2050 a chomhlíonadh i gcomhréir le Comhaontú Pháras trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí sceite carbóin mar thoradh ar uaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais. | sin ina eilimint riachtanach de bhosca uirlisí an Aontais chun an cuspóir maidir le hAontas aeráidneodrach faoi 2050 a chomhlíonadh i gcomhréir le Comhaontú Pháras trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí sceite carbóin mar thoradh ar uaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais ***agus ar chóras deimhnithe feabhsaithe ETS de chuid AE***. ***Ba cheart an tionscnamh sin a chomhcheangal le dreasachtaí maidir le nuálaíocht, arb é is aidhm dóibh an próiseas dícharbónaithe a éascú agus le beartais arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí i bpróisis thionsclaíocha ísealcharbóin a chur chun cinn.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Na sásraí atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar an riosca sceite carbóin in earnálacha agus i bhfo-earnálacha ina bhfuil riosca sceite carbóin, is éard atá iontu sásraí lena ndéantar lamháltais CTA AE a leithdháileadh saor in aisce go hidirthréimhseach agus bearta airgeadais chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais astaíochta indírí a thabhaítear ó chostais astaíochta GCT a chuirtear ar aghaidh i bpraghsanna leictreachais a leagtar síos in Airteagail 10a(6) agus 10b faoi seach de Threoir 2003/87/CE. Mar sin féin, le leithdháileadh saor in aisce faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ***lagaítear an praghaschomhartha a thugann an córas do shuiteálacha a fhaigheann an leithdháileadh i gcomparáid leis an gceantáil iomlán agus, dá réir sin, cuireann sé isteach ar dhreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i laghdú breise ar astaíochtaí.*** | (10) Na sásraí atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar an riosca sceite carbóin in earnálacha agus i bhfo-earnálacha ina bhfuil riosca sceite carbóin, is éard atá iontu sásraí lena ndéantar lamháltais CTA AE a leithdháileadh saor in aisce go hidirthréimhseach agus bearta airgeadais chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais astaíochta indírí a thabhaítear ó chostais astaíochta GCT a chuirtear ar aghaidh i bpraghsanna leictreachais a leagtar síos in Airteagail 10a(6) agus 10b faoi seach de Threoir 2003/87/CE. Mar sin féin, ba cheart leithdháileadh saor in aisce faoi CTA AE ***a chéimniú amach de réir a chéile, i gcomhréir le gealltanas agus spriocanna an Aontais maidir leis an dí-charbónú agus chun cloí le rialacha trádála EDT agus cúiteamh dúbailte a sheachaint.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Féachann an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le hionadú a dhéanamh ar na sásraí sin atá ann faoi láthair trí aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin ar bhealach difriúil, eadhon trí phraghsáil carbóin atá coibhéiseach le haghaidh allmhairí agus táirgí intíre a áirithiú. Chun aistriú diaidh ar ndiaidh ón gcóras reatha ina bhfuil lamháltais saor in aisce chuig SCCT a áirithiú, ba cheart SCCT a thabhairt isteach de réir a chéile de réir mar a chuirtear deireadh de réir a chéile le lamháltais saor in aisce in earnálacha a chumhdaítear le SCCT. Maidir le cur i bhfeidhm comhpháirteach agus idirthréimhseach lamháltais CTA AE a leithdháiltear saor in aisce chomh maith le cur i bhfeidhm an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, níor cheart é a bheith mar thoradh orthu sin, i gcás ar bith, go bhfaigheadh earraí AE cóir níos fabhraí i gcomparáid leis an gcóir a fhaigheann earraí a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais. | (11) Féachann an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le hionadú a dhéanamh ar na sásraí sin atá ann faoi láthair trí aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin ar bhealach difriúil, eadhon trí phraghsáil carbóin atá coibhéiseach le haghaidh allmhairí agus táirgí intíre a áirithiú. Chun aistriú diaidh ar ndiaidh ón gcóras reatha ina bhfuil lamháltais saor in aisce chuig SCCT a áirithiú, ba cheart SCCT a thabhairt isteach de réir a chéile de réir mar a chuirtear deireadh de réir a chéile le lamháltais saor in aisce in earnálacha a chumhdaítear le SCCT. ***Ba cheart go mbeadh SCCT trédhearcach, comhréireach agus éasca a riar agus ba cheart dó aon ualach airgeadais nó riaracháin míchuí ar ghnólachtaí a sheachaint, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).*** Maidir le cur i bhfeidhm comhpháirteach agus idirthréimhseach lamháltais CTA AE a leithdháiltear saor in aisce chomh maith le cur i bhfeidhm an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, níor cheart é a bheith mar thoradh orthu sin, i gcás ar bith, go bhfaigheadh earraí AE cóir níos fabhraí i gcomparáid leis an gcóir a fhaigheann earraí a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais ***ná níor cheart aon saobhadh margaidh a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, ba cheart comhoiriúnacht le rialacha EDT a áirithiú trí lamháltais saor in aisce a chéimniú amach san Aontas, rud a áiritheoidh go gcaithfear mar a chéile táirgí intíre agus táirgí allmhairithe, bunaithe ar phrionsabal an neamhidirdhealaithe.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Cé gurb é is cuspóir don sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an riosca sceite carbóin a chosc, leis an Rialachán seo, thabharfaí spreagadh do tháirgeoirí ó thríú tíortha freisin teicneolaíocht a úsáid atá níos tíosaí ar astaíochtaí GCT, ionas go nginfí níos lú astaíochtaí in aghaidh an aonaid aschuir. | (12) Cé gurb é is cuspóir don sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an riosca sceite carbóin a chosc, leis an Rialachán seo, thabharfaí spreagadh do tháirgeoirí ó thríú tíortha freisin teicneolaíocht a úsáid atá níos tíosaí ar astaíochtaí GCT, ***agus cleachtais athghiniúnacha, mar shampla sa talmhaíocht,*** ionas go nginfí níos lú astaíochtaí in aghaidh an aonaid aschuir**.** ***Thabharfadh sé spreagadh freisin do phraghsáil carbóin ar fud an domhain, rud a chuirfeadh feabhas ar mhachaire comhréidh domhanda. Ag an am céanna, ba cheart breathnú ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha mar bhealach chun tacú leis an tionsclaíocht trí nuálaíocht agus cistiú infheistíochta, chun rannchuidiú go héifeachtach le haistriú cóir chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de agus chun deiseanna fostaíochta nua agus fás geilleagrach a chruthú, agus san am céanna na coimircí riachtanacha a choinneáil chun iomaíochas tionsclaíoch san Aontas a chosaint.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Mar sin féin, ní mór féachaint ar fhadhb an sceite carbóin i gcomhthéacs níos leithne maidir le tionchar carnach uaillmhianta comhshaoil an Aontais atá ag dul i méid, mar a cuireadh in iúl, inter alia, i straitéisí comhpháirte an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ar iomaíochas gheilleagar an Aontais ina*** |

***iomláine. Is léir gurb ann d'éagothromaíocht sna caighdeáin agus sna ceanglais táirgthe idir an tAontas agus a chomhpháirtithe trádála seachtracha, ní hamháin sna hearnálacha a chumhdaítear le scéim CTA AE, ach sa talmhaíocht freisin, inter alia. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige déthaobhach: maidir leis an gcomhrac i gcoinne sceitheadh carbóin trí CBAM, ba cheart coinníollacha fabhracha infheistíochta agus táirgthe san Aontas a bheith ag gabháil leis, ar coinníollacha iad lena mbaineann, mar shampla, úsáid níos éifeachtúla ábhair orgánaigh ón talmhaíocht, amhail aoileach beostoic chun teacht in ionad leasachán ceimiceach; dreasachtaí airgeadais le haghaidh nuálaíochta, chun bithleasacháin agus feabhsaitheoirí ithreach ón mbithmhais talmhaíochta a tháirgeadh agus chun díleáiteán ón mbithghás a tháirgeadh; bacainní riaracháin a bhaint agus costais choigeartaithe a laghdú, go háirithe do FBManna agus don earnáil talmhaíochta chun a áirithiú go gcaomhnófar a n-iomaíochas. Ba cheart foinsí nua chun na críche sin a chur ar fáil.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, mar ionstraim chun sceitheadh carbóin a chosc agus astaíochtaí GCT a laghdú, ba cheart a áirithiú go bhfuil earraí a allmhairítear faoi réir córas rialála lena gcuirtear i bhfeidhm costais charbóin atá coibhéiseach leis na costais a bheadh le híoc faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh murach sin. Is beart aeráide é an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus leis sin, ba | (13) Leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, mar ionstraim chun sceitheadh carbóin a chosc agus astaíochtaí GCT a laghdú, ba cheart a áirithiú go bhfuil earraí a allmhairítear faoi réir córas rialála lena gcuirtear i bhfeidhm costais charbóin atá coibhéiseach leis na costais a bheadh le híoc faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh murach sin. Is beart aeráide ***agus cosanta comhshaoil*** é an sásra coigeartaithe |

cheart an riosca sceite carbóin a chosc agus tacú le huaillmhian mhéadaithe an Aontais maidir leis an athrú aeráide a mhaolú, mar aon le comhoiriúint do EDT a áirithiú san am céanna.

carbóin ar theorainneacha agus leis sin, ba cheart an riosca sceite carbóin a chosc***, praghsáil carbóin a chur chun cinn ar fud an domhain, feabhas a chur ar dhícharbónú ar bhealach costéifeachtúil agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de*** agus tacú le huaillmhian mhéadaithe an Aontais maidir leis an athrú aeráide a mhaolú, mar aon le comhoiriúint do EDT a áirithiú san am céanna. ***Ba cheart bearta tacaíochta d'fheirmeoirí maidir le dul in oiriúint d'athruithe ar phraghsáil nó foinsiú leasachán a chur ar fáil faoi ionstraimí iomchuí atá ann cheana féin, eadhon CBT agus an clár NextGenerationEU, seachas éifeachtúlacht agus comhoiriúnacht an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le EDT a chur i mbaol.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Cé nach é an príomhchuspóir atá leis, d'fhéadfadh an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha rannchuidiú indíreach a dhéanamh le feabhas a chur ar athléimneacht agus uathriail straitéiseach an Aontais, le slabhraí soláthair an Aontais a ghearradh, le hiad a dhéanamh níos inbhuanaithe agus le hiad a éagsúlú chun róspleáchas ar líon beag margaí a laghdú, le táirgeadh tionsclaíoch a athlonnú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint leo, agus le poist ar ardchaighdeán a chruthú ar an leibhéal áitiúil.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Mar sin féin, le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, cé go gcuirtear dearbhtheorainn ar na hastaíochtaí GCT ó na gníomhaíochtaí atá faoina raon feidhme agus go gceadaítear lamháltais a thrádáil (dá ngairtear 'córas teorannaithe agus trádála astaíochtaí'), níor cheart teorainn chainníochtúil ar allmhairí a bhunú leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, chun a áirithiú nach ndéanfar sreafaí trádála a shrianadh. Thairis sin, cé go bhfuil feidhm ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le suiteálacha atá bunaithe san Aontas, ba cheart feidhm a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hearraí áirithe a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais. | (19) Mar sin féin, le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, cé go gcuirtear dearbhtheorainn ar na hastaíochtaí GCT ó na gníomhaíochtaí atá faoina raon feidhme agus go gceadaítear lamháltais a thrádáil (dá ngairtear 'córas teorannaithe agus trádála astaíochtaí'), níor cheart teorainn chainníochtúil ar allmhairí a bhunú leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, chun a áirithiú nach ndéanfar sreafaí trádála a shrianadh ***agus go gcuirfear cosc ar aon iomaíochas éagórach***. Thairis sin, cé go bhfuil feidhm ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le suiteálacha atá bunaithe san Aontas, ba cheart feidhm a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hearraí áirithe a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Cé gurb é cuspóir foriomlán an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha cumhdach táirgí leathan a bheith ann, ba stuama tosú le líon áirithe earnálacha le táirgí atá measartha aonchineálach mar a bhfuil riosca sceite carbóin. Liostaítear na hearnálacha AE a mheastar a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo i gCinneadh Tarmligthe 2019/708 ón gCoimisiún[42]. | (28) Cé gurb é cuspóir foriomlán an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha cumhdach táirgí leathan a bheith ann, ba stuama tosú le líon áirithe earnálacha le táirgí atá measartha aonchineálach mar a bhfuil riosca ***féideartha*** sceite carbóin. Liostaítear na hearnálacha AE a mheastar a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo i gCinneadh Tarmligthe ***(AE)*** 2019/708 ón gCoimisiún.[42]08[42]. ***Ba cheart aon leathnú breise ar na hearnálacha agus ar na táirgí arna gcumhdach leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a dhéanamh tar éis mionanailís eolaíoch agus measúnú riosca a dhéanamh, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is*** |

***déanaí atá ar fáil. Ba cheart an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ag leathnú den sórt sin agus na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh freisin, chomh maith leis na héifeachtaí ar chobhsaíocht an mhargaidh inmheánaigh.***

[42] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/708 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na hearnálacha agus na fo-earnálacha a chinneadh a mheastar a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo sa tréimhse 2021 go 2030 (IO L 120, 8.5.2019, lch. 2).

[42] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/708 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na hearnálacha agus na fo-earnálacha a chinneadh a mheastar a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo sa tréimhse 2021 go 2030 (IO L 120, 8.5.2019, lch. 2).

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Ba cheart raon feidhme an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a leathnú chuig táirgí talmhaíochta tar éis thréimhse an chéimnithe isteach. Idir an dá linn, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht mhargaí talmhaíochta an Aontais agus a bheith ag súil le hinmharthanacht an táirgthe talmhaíochta mar thoradh a leanfaidh as cur chun feidhme dheimhnithe an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha do na hearnálacha lena mbaineann.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***(37a) D'fhéadfadh sceitheadh breise carbóin i dtríú tíortha agus caillteanas iomaíochas tháirgeoirí an Aontais a bheith mar thoradh ar chuspóirí an Chomhaontuithe Ghlais san earnáil talmhaíochta. Ina theannta sin, trí leasacháin a áireamh sa sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, d'fhéadfaí costais an táirgthe talmhaíochta a mhéadú tuilleadh. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, a thacaíocht a mhéadú chun bainistiú inbhunaithe leasachán ag feirmeoirí a chur chun cinn agus chun tomhaltas leasacháin a laghdú trí chórais digiteacha a úsáid, cleachtais fheabhsaithe feirmeoireachta, infheistíochtaí i bhfeirmeoireacht bheacht, saothrú barr léagúmach a mhéadú, tacaíocht d'fheirmeoireacht orgánach agus maoiniú do thionscadail talmhaíochta ísealcharbóin.***

Leasú 15

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37b) Tá earnáil talmhaíochta an Aontais ar cheann de na hearnálacha is táirgiúla agus is forbartha ar domhan ó thaobh a tiomantais do chosaint an chomhshaoil agus na haeráide. Mar sin féin, ar cheann de na príomhdhúshláin a bheidh os a comhair a luaithe a bheidh straitéisí an Chomhaontaithe Ghlais Eorpaigh forbartha, tá dumpáil aeráide ó thíortha a dhéanann dul chun cinn mall maidir lena dtalmhaíocht ghlas a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme CBAM a leathnú chun táirgí talmhaíochta a chumhdach gan aon mhoill mhíchuí, ar choinníoll go ndéanfar é sin tar éis measúnú tionchair cuimsitheach agus comhairliúchán leathan trasearnála, agus go mbeidh sé i gcomhréir le córas taraife an Aontais. Tá sé níos tábhachtaí táirgí talmhaíochta a*** |

***chuimsiú faoi raon feidhme CBAM ós rud é go mbeidh tionchar díreach agus indíreach ag cuimsiú táirgí eile ar earnáil na talmhaíochta, go háirithe leasacháin, cruach agus alúmanam. Tá an Coimisiún tiomanta d'fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar chobhsaíocht mhargadh inmheánach an Aontais, lena n-áirítear margaí talmhaíochta go háirithe, agus do ghníomhaíochtaí ceartaitheacha láidre a dhéanamh, lena n-áirítear trí chúiteamh airgeadais d'fheirmeoirí, má dhéanann cur chun feidhme an tsásra nua difear tromchúiseach do bhrabúsacht agus d'inmharthanacht an táirgthe talmhaíochta.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(37c)* ***Trí raon feidhme CBAM a leathnú chuig táirgí talmhaíochta allmhairithe, d'fhéadfaí comhlánú úsáideach a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil arb é is aidhm dó íoslaghdú a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais leis an dífhoraoisiú agus le díghrádú foraoisí ar fud an domhain, chun lorg carbóin iomlán an Aontais a laghdú go suntasach, agus chun claochlú agrai-éiceolaíoch chórais agraibhia an Aontais agus a chomhpháirtithe trádála a spreagadh, lena n-áirítear trí chabhair talmhaíochta a athdháileadh. Dá ndéanfaí claochlú agrai-éiceolaíoch den sórt sin, thiocfadh laghdú ar astaíochtaí CGT, chosnófaí éiceachórais agus d'athbhunófaí iad, thiocfaí laghdú ar úsáid na n-agraiceimiceán agus ar an truailliú a bhaineann leis agus dhéanfaí tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe agus biafhlaitheas a chur chun cinn. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le CBAM a*** |

| | |
|---|---|
| | ***leathnú ar an gcaoi sin chuig táirgí talmhaíochta allmhairithe faoi 2030 ar a dhéanaí.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Ba cheart idirthréimhse a bheith i bhfeidhm ar feadh na tréimhse 2023 go dtí 2025. Ba cheart feidhm a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha gan coigeartú airgeadais, agus é de chuspóir aige cur i bhfeidhm rianúil an tsásra a éascú agus dá réir sin an riosca maidir le tionchair shuaiteacha ar thrádáil a laghdú. Ba cheart go mbeadh ar dhearbhóirí na hastaíochtaí leabaithe iarbhír in earraí a allmhairíodh le linn na hidirthréimhse a thuairisciú ar bhonn ráithiúil, agus mar chuid de sin, na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha mar aon le haon phraghas carbóin a íocadh ar an gcoigríoch a shonrú. | (50) Ba cheart idirthréimhse a bheith i bhfeidhm ar feadh na tréimhse 2023 go dtí 2025. Ba cheart feidhm a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha gan coigeartú airgeadais, agus é de chuspóir aige cur i bhfeidhm rianúil an tsásra a éascú agus dá réir sin an riosca maidir le tionchair shuaiteacha ar thrádáil ***agus ar iomaíochas an mhargaidh inmheánaigh*** a laghdú. Ba cheart go mbeadh ar dhearbhóirí na hastaíochtaí leabaithe iarbhír in earraí a allmhairíodh le linn na hidirthréimhse a thuairisciú ar bhonn ráithiúil, agus mar chuid de sin, na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha mar aon le haon phraghas carbóin a íocadh ar an gcoigríoch a shonrú. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(50a) Dá gcuimseofaí buntáirgí áirithe in CBAM, amhail leasacháin, bheadh tionchar suntasach aige ar earnálacha iartheachtacha san Aontas. Mar sin féin, i bhfianaise thionchar na gcostas breise ar iomaíochas earnálacha eacnamaíocha an Aontais, lena n-áirítear earnáil na feirmeoireachta, ní féidir riosca an sceite carbóin a chur as an áireamh láithreach. Is cosúil gurb iomchuí a mholadh go n-úsáidfí an t-ioncam ó CBAM mar ioncam*** |

| | |
|---|---|
| | ***atá curtha in áirithe i mbuiséad an Aontais d'fhonn an costas a bhaineann leis an sásra a chur ar bun agus le deireadh a chur le lamháltais saor in aisce a fhritháireamh, agus chun cabhrú le bearta idirthréimhseacha a mhaoiniú d'earnálacha eacnamaíocha an Aontais, a ndéanfar difear dá n-iomaíochas. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún na socruithe maidir le sásra den sórt sin a shocrú.*** |

*Réasúnú*

*Dá gcuimseofaí buntáirgí áirithe in CBAM, amhail leasacháin, bheadh tionchar suntasach aige ar earnálacha iartheachtacha Eorpacha. Mar sin féin, i bhfianaise thionchar na gcostas breise ar iomaíochas earnálacha eacnamaíocha an Aontais, lena n-áirítear earnáil na feirmeoireachta, ní féidir riosca an sceite carbóin a chur as an áireamh láithreach. Is cosúil gurb iomchuí a mholadh go n-úsáidfí an t-ioncam ó CBAM mar ioncam atá curtha in áirithe i mbuiséad an Aontais d'fhonn an costas a bhaineann leis an sásra a chur ar bun agus le deireadh a chur le lamháltais saor in aisce a fhritháireamh.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Chun feidhmiú cuí an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a éascú agus a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a chur ar fáil do na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh**.** | (51) Chun feidhmiú cuí an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a éascú agus a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a chur ar fáil do na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh***agus chomh maith leis sin ba cheart dó a áirithiú go ndéanfar costais bhreise riaracháin na mBallstát a aisíoc mar thoradh ar an Rialachán seo a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(51a) Ba cheart don Choimisiún rialacha agus nósanna imeachta soiléire agus simplithe a bhunú chun ualaí iomarcacha riaracháin agus airgeadais a bhaineann le bainistiú agus cur chun feidhme CBAM, go háirithe do FBManna.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(51b) Chun feidhmiú cuí CBAM a éascú agus a áirithiú agus chun saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint nó ualach iomarcach riaracháin do ghnóthas, go háirithe FBManna, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil agus cúnamh teicniúil a sholáthar dóibh chun a n-oiriúnú a éascú do na hoibleagáidí nua arna mbunú leis an Rialachán seo agus chun nach mbeidh aon bhacainní teicniúla ar thrádáil.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an Rialachán seo roimh dheireadh na hidirthréimhse agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ba cheart díriú i dtuarascáil an Choimisiúin ***ar fhéidearthachtaí maidir le feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí ar son na*** haeráide i dtaca leis an gcuspóir áirithe sin a bhaint amach, ***is é sin an tAontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Ba cheart don Choimisiún, mar chuid den*** | (52) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an Rialachán seo roimh dheireadh na hidirthréimhse agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Sa tuarascáil ón gCoimisiún, ba cheart measúnú a dhéanamh, go háirithe, ***chomh cruinn agus is féidir ar an tionchar iarbhír atá ag sásra CBAM ar*** an aeráid ***agus ar chosaint an chomhshaoil, ar iomaíochas agus ar inmharthanacht gheilleagar an Aontais, go háirithe in*** |

***mheasúnú sin, tús a chur le heolas a bhailiú a bheidh ag teastáil chun an raon feidhme a leathnú, más féidir, ionas go gcumhdófaí astaíochtaí indíreacha mar aon le hearraí agus seirbhísí*** eile a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo, ***agus*** chun modhanna a fhorbairt chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar na modhanna tomhais táirge maidir le lorg comhshaoil[47].

[47] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

***earnáil na talmhaíochta agus maidir le FBManna,*** agus maidir le ***costais iarbhír chomhlíontachta. Sa tuarascáil, ba cheart freisin scrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an nuálaíocht inbhuanaithe agus ar athruithe ar shreafaí trádála agus ar shlabhraí soláthair, go háirithe maidir le leasacháin, chomh maith leis na héifeachtaí ar phraghsanna na leasachán agus ar tháirgeadh talmhaíochta. Ba cheart go ndéanfaí measúnú ann freisin ar an bhféidearthacht ioncaim arna bhfáil trí CBAM a spriocdhíriú ar mhaoiniú na mbeart arb é is aidhm dóibh astaíochtaí carbóin a laghdú agus úsáid níos inbhuanaithe leasachán san Aontas a chur chun cinn. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh freisin ar na héifeachtaí a bheadh ann dá leathnófaí raon feidhme an Rialacháin seo chuig talmhaíocht agus táirgí agrabhia, chuig táirgí*** eile atá i mbaol an sceite carbóin, ***agus chuig astaíochtaí indíreacha freisin. Ba cheart don Choimisiún*** modhanna a fhorbairt chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar mhodhanna an loirg chomhshaoil[47] .

[47] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52a) Is earnáil í an talmhaíocht a bhfuil fíorthábhacht ag baint léi ó thaobh soláthar bia, slándáil bia agus neamhspleáchas bia. Dá réir sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar*** |

***a bheadh ann ar thalmhaíocht, soláthar bia, slándáil bia agus neamhspleáchas bia dá n-áireofaí leasacháin in CBAM, roimh theacht i bhfeidhm an tsásra sin, lena n-áirítear an coigeartú airgeadais maidir le leasacháin.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52b) Chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, go háirithe an t-athrú aeráide, ar údair imní iad ar bhonn domhanda, tá an tAontas ag ardú a chuid caighdeán le roinnt blianta anuas. Mar gheall ar an gComhaontú Glas don Eoraip agus an Straitéis 'On bhFeirm go dtí an Forc," d'fhéadfadh na caighdeáin san Aontas a ardú tuilleadh d'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, beidh ar earnálacha feirmeoireachta san Aontas dul i ngleic le sceitheadh carbóin i dtíortha nach bhfuil ceanglais aeráide chomh dian céanna acu. Mar thoradh air sin, ní mór machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht CBAM a leathnú chuig táirgí áirithe talmhaíochta agus agraibhia atá i mbaol an sceite carbóin ar bhonn na faisnéise arna bailiú le linn na hidirthréimhse. Tá sé níos tábhachtaí táirgí talmhaíochta agus agraibhia a chuimsiú faoi raon feidhme CBAM ós rud é gur dócha go mbeidh tionchar díreach agus indíreach ag cuimsiú táirgí eile ar earnáil na feirmeoireachta, ar táirgí iad a úsáidtear mar ionchuir a imreoidh tionchar ar a costais táirgthe.*** |

*Réasúnú*

*Ní mór mionanailís a dhéanamh maidir le CBAM ar earnálacha iartheachtacha na feirmeoireachta agus maidir le cibé táirgí talmhaíochta a chuimsiú i raon feidhme CBAM nó*

*gan iad a áireamh. Dá leathnófaí raon feidhme CBAM chun earnálacha iartheachtacha na feirmeoireachta a chumhdach, d'fhéadfadh sé a bheith éifeachtach chun riosca an sceite carbóin a sheachaint, ach tá saincheisteanna ann maidir le hindéantacht nach mór aghaidh a thabhairt orthu sula ndéantar aon chinneadh.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(53a) Chun gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo a éascú, chun gníomhú ar son na haeráide a dhreasú, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, agus chun tacú le margadh d'earraí ísealcharbóin, ba cheart plé leanúnach a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha uile agus le comhpháirtithe trádála an Aontais.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59a) Ní mór don Choimisiún béim ar leith a leagan ar allmhaireoirí a choinneáil ar an eolas, rud a chumasóidh dóibh na costais inmheánacha a bheadh ag baint le cur chun feidhme CBAM a chur san áireamh, amhail costais a bhaineann le tuarasciú ar astaíochtaí, taifid a choinneáil, ríomh agus doiciméadú.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***(59b) Ba cheart don Choimisiún a mholadh go dtabharfaí maoiniú chun infheistíocht a dhéanamh i nuachóiriú earnálacha móra atá dian ar GCT, trí bhearta chun cabhrú le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, go háirithe maidir leis na Ballstáit a bhfuil ioncaim níos ísle acu.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear leis an Rialachán seo sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá leabaithe sna hearraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, tráth a n-allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais, chun an riosca sceite carbóin a chosc. | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá leabaithe sna hearraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, tráth a n-allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ***chun rannchuidiú le hastaíochtaí allmhairithe a laghdú de réir a chéile, lorg comhshaoil iomlán an Aontais a laghdú,*** an riosca ***féideartha go dtarlóidh sceitheadh carbóin*** a chosc ***agus praghsáil carbóin ar fud an domhain a spreagadh***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá feidhm ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a bunaíodh de bhun Threoir 2003/87/CE maidir leis an tír sin nó leis an gcríoch sin nó tugadh comhaontú i gcrích idir an tríú tír sin nó idir an tríú críoch sin agus an tAontas ar comhaontú é lena ndéantar nasc iomlán idir Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus córas trádála | (a) tá feidhm ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a bunaíodh de bhun Threoir 2003/87/CE maidir leis an tír sin nó leis an gcríoch sin nó tugadh comhaontú i gcrích idir an tríú tír sin nó idir an tríú críoch sin agus an tAontas ar comhaontú é lena ndéantar nasc iomlán idir Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus córas trádála astaíochtaí an tríú tír nó an tríú críoch ***agus*** |

| | |
|---|---|
| astaíochtaí an tríú tír nó an tríú críoch; | ***lena ráthaítear coinníollacha comhionanna do rannpháirtithe Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus táirgeoirí sna tíortha sin***; |

*Réasúnú*

*Tá praghsáil carbóin tugtha isteach ag roinnt stát ar bhonn fhógra CBAM. Tá Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar feadh níos mó ná 10 mbliana, agus rinneadh é a mhionchoigeartú ar feadh cúig bhliana le linn na tréimhse sin. Beidh feidhm ag CBAM ó 2023 go dtí 2026. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na córais praghsála i dtaca le hastaíochtaí CO2 i dtíortha eile comhréireach in aon chor leis an ualach arbh é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ba chúis leis.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an praghas a íoctar i dtír thionscnaimh na n-earraí, muirearaítear go héifeachtach é ar na hearraí sin gan aon lacáiste seachas na cinn sin a chuirtear i bhfeidhm i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh freisin. | (b) an praghas a íoctar i dtír thionscnaimh na n-earraí, muirearaítear go héifeachtach é ar na hearraí sin gan aon lacáiste seachas na cinn sin a chuirtear i bhfeidhm i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh freisin***, agus is follas gur féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha do rannpháirtithe i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus táirgeoirí ó na tíortha sin coibhéiseach***. |

*Réasúnú*

*Tá praghsáil carbóin tugtha isteach ag roinnt stát ar bhonn fhógra CBAM. Tá Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar feadh níos mó ná deich mbliana. Beidh feidhm ag CBAM ó 2023 go 2026. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na córais praghsála i dtaca le hastaíochtaí CO2 i dtíortha eile comhréireach in aon chor leis an ualach arbh é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ba chúis leis.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn ‘astaíochtaí indíreacha’ astaíochtaí ó tháirgeadh ***leictreachais, téimh agus fuaraithe***, a úsáidtear le linn phróisis táirgthe na n-earraí. | (28) ciallaíonn ‘astaíochtaí indíreacha’ astaíochtaí ó tháirgeadh ***na n-earraí a úsáidtear dá dtagraítear in Iarscríbhinn I***, a úsáidtear le linn phróisis táirgthe na n-earraí ***eile***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 – pointe 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) ciallaíonn ‘táirgí talmhaíochta agus bia’ táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, chomh maith leis na táirgí nach liostaítear san Iarscríbhinn sin ach a próiseáiltear lena n-úsáid mar bhia lena n-úsáidtear na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn sin;*** |

*Réasúnú*

*Ní mór sainmhíniú soiléir a thabhairt ar choincheap na dtáirgí bia agus talmhaíochta. Tagann an sainmhíniú thuasluaite ó threoir 2019 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Coimeádfaidh an dearbhóir údaraithe taifid den doiciméadacht, arna deimhniú ag duine neamhspleách, atá de dhíth chun a léiriú go raibh na hastaíochtaí leabaithe dearbhaithe faoi réir praghas carbóin i dtír thionscnaimh na n-earraí agus coimeádfaidh sé fianaise de chruthúnas na híocaíochta iarbhír don phraghas carbóin sin nár cheart a bheith faoi réir lacáiste onnmhairiúcháin ná cúiteamh de chineál ar | 2. Coimeádfaidh an dearbhóir údaraithe taifid den doiciméadacht, arna deimhniú ag duine neamhspleách, atá de dhíth chun a léiriú go raibh na hastaíochtaí leabaithe dearbhaithe faoi réir praghas carbóin i dtír thionscnaimh na n-earraí agus coimeádfaidh sé fianaise de chruthúnas na híocaíochta iarbhír don phraghas carbóin sin nár cheart a bheith faoi réir lacáiste onnmhairiúcháin ná cúiteamh de chineál ar |

| | |
|---|---|
| bith eile ***ar onnmhairiú***. | bith eile. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar*** údaráis inniúla aon fhaisnéis atá riachtanach nó ábhartha maidir le feidhmiú a bhfeidhmeanna agus a ndualgas a mhalartú. | 2. Déanfaidh ***na*** húdaráis inniúla aon fhaisnéis atá riachtanach nó ábhartha maidir le feidhmiú a bhfeidhmeanna agus a ndualgas a mhalartú. ***Tacóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh leis an gcomhordú idir na húdaráis inniúla.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do na húdaráis inniúla a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú. | ***Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh gníomhaíocht na n-údarás inniúil ualach iomarcach riaracháin nó costais comhlíontachta ar na Ballstáit.*** Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do na húdaráis inniúla a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú ***trí thacaíocht a sholáthar nuair a iarrtar sin.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun críche na chéad mhíre, bunóidh an Coimisiún rialacha agus nósanna imeachta soiléire agus simplithe, chun nach mbeidh aon ualaí iomarcacha riaracháin agus airgeadais ann a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhaineann le bainistiú agus cur chun feidhme CBAM, go háirithe do FBManna.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Soláthróidh an Coimisiún comhairle theicniúil agus cúnamh teicniúil do na gnóthais chun a n-oiriúnú do na hoibleagáidí a bhunaítear leis an Rialachán seo a éascú.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin [1 Eanáir 2024], foilseoidh an Coimisiún treoirlínte mionsonraithe lena leagtar amach freagrachtaína n-údarás inniúil, na foinsí agus na prionsabail i dtaca lena ngníomhaíochtaí a mhaoiniú chun na hoibleagáidí arna bhforchur leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, chomh maith le tuairisc bheacht ar fhreagrachtaí na n-údarás inniúil agus nósanna imeachta dóibh, i gcásanna ina gcruthaítear nár comhlíonadh an Rialachán seo.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gach faisnéis a fhaigheann an t-údarás inniúil agus a dhualgais á chomhlíonadh | Gach faisnéis a fhaigheann an t-údarás inniúil agus a dhualgais á chomhlíonadh |

| | |
|---|---|
| aige, ar faisnéis rúnda í de bharr a cineáil nó ar faisnéis í a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda, beidh sí faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla. Ní nochtfaidh ***an t-údarás*** inniúil faisnéis den sórt sin gan cead sainráite an duine nó an údaráis a sholáthair í. Féadfar í a roinnt le húdaráis chustaim, leis an gCoimisiún agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus caithfear léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle. | aige, ar faisnéis rúnda í de bharr a cineáil nó ar faisnéis í a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda, beidh sí faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla. Ní nochtfaidh ***na húdaráis inniúla ná an riarthóir lárnach*** faisnéis den sórt sin gan cead sainráite an duine nó an údaráis a sholáthair í. Féadfar í a roinnt le húdaráis chustaim, leis an gCoimisiún agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus caithfear léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ríomhfaidh an Coimisiún praghas na ndeimhnithe SCCT mar mheánphraghas phraghsanna scoir lamháltais CTA AE ar an gcomhardán ceantála i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010[54] ón gCoimisiún in aghaidh gach seachtaine féilire. | Ríomhfaidh an Coimisiún praghas na ndeimhnithe SCCT mar mheánphraghas phraghsanna scoir lamháltais CTA AE ar an gcomhardán ceantála i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010[54] ón gCoimisiún in aghaidh gach seachtaine féilire. ***Trí Chinneadh (AE) 2015/1814 a chur i bhfeidhm, bunaíonn an Coimisiún íosphraghsanna agus uasphraghsanna i leith lamháltais CTA AE chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus smacht a choinneáil ar thionchair shóisialta an aistrithe agus chun nach mbeifear in ann teacht timpeall ar chóras dheimhnithe SCCT.*** |
| [54] Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiúchán, riarachán agus gnéithe eile de cheantáil ar lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1). | [54] Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiúchán, riarachán agus gnéithe eile de cheantáil ar lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1). |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá d'fhonn raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun astaíochtaí indíreacha agus earraí seachas na cinn sin a liostaítear in Iarscríbhinn I a chumhdach, ***agus*** forbróidh sé modhanna chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar mhodhanna tomhais maidir le lorg comhshaoil. | 1. Baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá d'fhonn ***faireachán a dhéanamh ar thionchar SCCT ar an aeráid agus ar chosaint an chomhshaoil, ar iomaíochas gheilleagar an Aontais, go háirithe in earnáil na talmhaíochta agus earnáil an bhia agus maidir le FBManna, ar inmharthanacht na saoráidí táirgthe sna hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán, ar struchtúr agus ar mhéid allmhairí an Aontais, agus ar na costais ar na custaiméirí deiridh agus ar thíortha atá i mbéal forbartha. Bunaithe ar thoradh an ghrinnscrúdaithe sin, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar a indéanta agus a ábhartha atá sé*** raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun astaíochtaí indíreacha agus earraí seachas na cinn sin a liostaítear in Iarscríbhinn I a chumhdach, ***lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ann dá n-áireofaí táirgí talmhaíochta agus agraibhia. Déanfaidh an Coimisiún*** modhanna a fhorbairt freisin chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar mhodhanna tomhais maidir le lorg comhshaoil ***agus áiritheoidh sé go mbeidh córas éifeachtúil agus trédhearacach fíoraithe agus rialaithe ann chun cruinneas na faisnéis arna fáil ó tháirgeoirí tríú tíortha a ráthú***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Roimh dheireadh na hidirthréimhse, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an | 2. Roimh dheireadh na hidirthréimhse, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an |

Rialacháin seo. Cuimseofar sa tuarascáil, go háirithe, measúnú ar na féidearthachtaí raon feidhme astaíochtaí leabaithe a leathnú a thuilleadh chun astaíochtaí indíreacha agus earraí eile a mbaineann riosca sceite carbóin leo seachas na cinn sin atá cumhdaithe faoin Rialachán seo cheana a chumhdach***, chomh maith le*** measúnú ar an gcóras rialachais. ***Cuimseofar ann freisin*** measúnú ar an bhféidearthacht an raon feidhme a leathnú a thuilleadh chun astaíochtaí leabaithe seirbhísí iompair a chumhdach chomh maith le hearraí níos faide síos an slabhra luacha agus seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an riosca sceite carbóin amach anseo.

Rialacháin seo. Go háirithe, áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil:

***(a)*** measúnú ar na féidearthachtaí chun raon feidhme na n-astaíochtaí leabaithe a leathnú tuilleadh chun earraí eile a mbaineann riosca sceite carbóin leo seachas na cinn sin atá cumhdaithe faoin Rialachán seo cheana a chumhach***;***

***(b)*** measúnú ar an gcóras rialachais***;***

***(c)*** measúnú ar an bhféidearthacht an raon feidhme a leathnú tuilleadh chun astaíochtaí leabaithe seirbhísí iompair a chumhdach chomh maith le hearraí níos faide síos an slabhra luacha agus seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an riosca sceite carbóin amach anseo***;***

***(d) measúnú ar an bhfíorthionchar ar chosaint na haeráide agus an chomhshaoil;***

***(e) measúnú ar an tionchar ar iomaíochas agus ar indéantacht gheilleagar an Aontais;***

***(f) measúnú ar thionchar allmhairí an Aontais;***

***(g) na héifeachtaí ar nuálaíocht inbhuanaithe a shainaithint mar aon le hathruithe ar shreafaí trádála, slabhraí soláthair agus praghsanna maidir le leasacháin agus earnáil na talmhaíochta;***

***(h) na héifeachtaí ar ghnóthais an***

| | |
|---|---|
| | ***Aontais a shainaithint, lena n-áirítear measúnú cainníochtúil ar thionchair, go háirithe ar FBManna agus ar chostais comhlíontachta iarbhír;*** |
| | ***(i) measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bheadh ann dá leathnófaí raon feidhme an Rialacháin seo chun earraí talmhaíochta agus bia a chumhdach agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall air sin;*** |
| | ***(j) measúnú ar cibé ar cheart an carbón atá leabaithe i dtáirgí gearrshaolacha adhmaid lománaithe, a chuirtear san áireamh in earnáil na húsáide talún, an athraithe san úsáid talún agus na foraoiseachta, a chumhdach leis an Rialachán seo;*** |
| | ***(k) meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht ioncaim ó SCCT a chur in áirithe chun bearta a chur chun cinn lena rannchuidítear le hastaíochtaí carbóin an Aontais a laghdú agus le spleáchas na talmhaíochta ar leasacháin a laghdú***. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tráth a scaoilfear na hearraí sin i saorchúrsaíocht, ar a dhéanaí, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhóir ar an eolas faoin oibleagáid dá dtagraítear i mír 1. | 2. Tráth a scaoilfear na hearraí sin i saorchúrsaíocht, ar a dhéanaí, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhóir ar an eolas faoin oibleagáid dá dtagraítear i mír 1. ***Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na hoibleagáidí nua a fhorchuirfear ar údaráis chustaim faoin Rialachán seo ualach riaracháin iomarcach ná nach gcruthóidh siad costas suntasach comhlíontachta.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an praghas carbóin atá dlite i dtír thionscnaimh le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe sna hearraí allmhairithe, nach bhfuil faoi réir lacáiste onnmhairiúcháin ná cúiteamh de chineál ar bith eile ***ar onnmhairiú***. | (d) an praghas carbóin atá dlite i dtír thionscnaimh le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe sna hearraí allmhairithe, nach bhfuil faoi réir lacáiste onnmhairiúcháin ná cúiteamh de chineál ar bith eile ar onnmhairiú. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Beidh feidhm ag Airteagail 32 go 34 go dtí ***an 31 Nollaig 2025***. | (a) Beidh feidhm ag Airteagail 32 go 34 go dtí ***deireadh na bliana ina ndearna an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, inar thug sé tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus inar thug Parlaimint na hEorpa a toiliú do chur i bhfeidhm iomlán CBAM***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Beidh feidhm ag Airteagail 4, 6, 7, 8, 9, 14, 15, 16, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 27 agus 31 ón 1 Eanáir ***2026***. | (d) Beidh feidhm ag Airteagail 4, 6, 7, 8, 9, 14, 15, 16, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 27 agus 31 ó 1 Eanáir ***na bliana ina ndearna an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, inar thug sé tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus inar thug Parlaimint na hEorpa a toiliú do chur i bhfeidhm iomlán CBAM, lena n-áirítear an sásra airgeadais.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha |
| **Tagairtí** | COM(2021)0564 – C9-0328/2021 – 2021/0214(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>11.11.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Zbigniew Kuźmiuk<br>17.9.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 11.1.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 3<br>0: 18 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Colm Markey, Alin Mituța, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirbakas, Bronis Ropė, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Marc Tarabella, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Andrieu, Manuel Bompard, Petros Kokkalis, Zbigniew Kuźmiuk, Cristina Maestre Martín De Almagro |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 27 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Zbigniew Kuźmiuk, Veronika Vrecionová |
| ID | Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas |
| PPE | Colm Markey, Anne Sander, Annie Schreijer-Pierik |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Paolo De Castro, Cristina Maestre Martín De Almagro, Juozas Olekas, Pina Picierno, Marc Tarabella |

| 3 | - |
|---|---|
| S&D | Maria Noichl |
| The Left | Manuel Bompard, Petros Kokkalis |

| 18 | 0 |
|---|---|
| ID | Ivan David |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| The Left | Chris MacManus |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh